An Préachán agus an Madra Rua

Bhí préachán ag eitilt thuas sa spéir lá. Chonaic sé píosa cáise ar an dtalamh. Bhí ocras air. Mar sin, phioc sé suas an píosa cáise agus d'eitil sé suas ar chrann. Tháinig an madra rua. Bhí ocras air siúd leis. Agus nuair a chonaic sé an cháis i ngob an phréacháin líon sé suas d'éad agus formad.

'Nach aoibhinn an t-éan tusa?' ar seisean, 'agus nach gleoite na cleití atá ort?'

'Deirtear liom go bhfuil guth álainn binn agat chomh maith'.

'An bhfeadraís?' ar seisean. 'Níl aon rud sa tsaol is fearr liomsa na guth préacháin?'

Tháinig mórtas is éirí in airde ar an bpréachán. Thaitin an moladh chomh mór sin leis gur oscail sé a bhéal.

'Cá, cá, cá, cá, cá' ar seisean.

Thit an píosa cáise ar an dtalamh. Ach má thit, ba thapaidh a sciob an madra rua leis é agus chaith sé siar ina bhéal é.

Sin é mo scéalsa agus má tá bréag ann bíodh – ní mise a chum ná a cheap.